Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**6171/26**

**SOC 66**
**EMPL 25**
**ECOFIN 172**
**EDUC 39**
**COMPET 255**
**DATAPROTECT 65**
**DIGIT 54**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Seimeastar Eorpach 2026<br>Ó Nuálaíocht go Poist ar Ardchaighdeán: an intleacht shaorga a úsáid chun fostaíocht ardcháilíochta agus cearta oibrithe a neartú<br>- *Seisiún tuairimíochta* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an nóta stiúrtha ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite, ag féachaint don seisiún tuairimíochta a thionólfar sa Chomhairle (EPSCO) an 9 Márta 2026.

**IARSCRÍBHINN**

**Nóta stiúrtha chun tuairimí a chomhroinnt maidir leis an**

**Seimeastar Eorpach 2026: Ó Nuálaíocht go Poist ar Ardchaighdeán: an intleacht shaorga a úsáid chun fostaíocht ardcháilíochta agus cearta oibrithe a neartú.**

***Comhthéacs: Todhchaí an mhargaidh saothair agus an Seimeastar Eorpach***

Mar a léiríodh i dtuarascálacha le déanaí, tá fás táirgiúlachta ar fud na hEorpa ag titim ar gcúl i gcomparáid le réigiúin eile le blianta fada anuas. Cé go raibh tionchar ag tosca struchtúracha agus stairiúla air sin, chaill an Eoraip amach ar bhorradh an chlaochlaithe dhigitigh le blianta beaga anuas, agus bhí an caillteanas sin ina chúis thábhachtach eile leis an mbearna sin atá ag dul i méid. Thairis sin, mura ndéanfar athchóirithe tábhachtacha chun go mbeidh níos mó cuideachtaí óga in ann uas-scálú agus go mbeidh níos mó daoine óga cumasacha in ann fanacht san Eoraip, titfidh an Eoraip níos faide ar gcúl.

Má táthar chun na hathchóirithe tábhachtacha sin a dhéanamh, tá gá le margadh saothair níos athléimní agus le timpeallacht infheistíochta níos dinimiciúla a bheith ann. Léiríonn taighde eacnamaíoch, lena n-áirítear obair Sir Christopher Pissarides maidir le meaitseáil post agus athrú struchtúrach, nach leis an teicneolaíocht amháin a chinntear torthaí fostaíochta, ach go mbraitheann siad freisin ar thosca ar nós struchtúr institiúideach an gheilleagair, a chaipiteal daonna, agus na cumais a chuireann sé ar fáil le haghaidh comhar cuiditheach idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach. Nuair nach mbíonn ceann de na tosca sin i bhfeidhm, cuireann sé bacainní ar an nasc idir an teicneolaíocht agus an táirgiúlacht, ar bacainní iad ar a dtugtar easaontais i bhfeidhmiú margaí saothair. Ní mór don Eoraip gníomhú go tapa chun na heasaontais sin a laghdú. Leis an intleacht shaorga, lena cumais atá ag méadú an t-am ar fad, cuirtear deiseanna nua ar fáil d’infheistíochtaí táirgiúla agus chun úsáid níos fearr a bhaint as caipiteal daonna. Má chruthaítear poist dhinimiciúla a bhfuil táirgiúlacht níos airde ag baint leo nó má bhíonn caillteanas breise post ann nó tuilleadh marbhántachta taobh thiar dár n-iomaitheoirí ag eascairt as an bpróiseas sin, braitheann sé ar cé chomh maith agus a dhéanfaimid bainistiú ar ár n-éiceachóras digiteach, na hathchóirithe institiúideacha is gá, uasghrádú ár gcóras scileanna agus ar an luas ar féidir le hoibrithe aistriú chuig róil nua.

Braitheann éifeachtacht infheistíochtaí san intleacht shaorga ar scileanna agus cumais nua a fhorbairt a chuireann ar chumas daoine oibriú go táirgiúil le córais intleachta saorga. Mar a cuireadh i dtábhacht sa Mholadh maidir le Caipiteal Daonna[1], chun an meascán scileanna sin a chothú, tá gá le hinfheistíocht chomhordaithe sa ghairmoiliúint, san oideachas treasach agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil. É sin ráite, de réir mar a éiríonn córais intleachta saorga níos cumasaí agus de réir mar a théann gnólachtaí i dtaithí ar na córais sin a chomhtháthú ina n-oibríochtaí, d'fhéadfadh éifeachtaí ídithe saothair teacht chun cinn, agus d'fhéadfaí tús áite díréireach a thabhairt d'oibrithe ardoilte ó thaobh gnóthachain táirgiúlachta de, rud a d'fhéadfadh neamhionannas ioncaim a leathnú. Chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin, tá gá le freagairtí institiúideacha soiléire comhordaithe.

Sa chomhthéacs sin, cuireann an Seimeastar creat ar fáil chun comhordú a dhéanamh ar athchóirithe struchtúracha lena laghdaítear easaontais i margadh an tsaothair, lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht meaitseála agus lena dtacaítear le soghluaisteacht, athsciliú agus cruthú post. Trí phleananna struchtúracha fioscacha a ailíniú le tosaíochtaí fostaíochta agus sóisialta, is féidir leis an Seimeastar cuidiú lena áirithiú go n-eascróidh fás inbhuanaithe cuimsitheach as an nuálaíocht.

***An intleacht shaorga, eagrú na hoibre agus fostaíocht ardcháilíochta***

Ní féidir measúnú a dhéanamh ar úsáid na hintleachta saorga agus ardteicneolaíochtaí digiteacha eile san ionad oibre trí lionsa na táirgiúlachta amháin. Tá córais teicneolaíochta leabaithe i roghanna eagraíochtúla, i samhlacha bainistíochta acmhainní daonna agus i straitéisí gnó níos leithne. Tugann an teoiric eacnamaíoch le fios go ngineann an nuálaíocht lena bhfeabhsaítear táirgiúlacht gnóthachain fostaíochta mharthanacha nuair a bhíonn infheistíocht chomhlántach i scileanna ag gabháil léi agus nuair a fhaigheann sí tacaíocht ó institiúidí éifeachtacha sa mhargadh saothair.

---

[1] Moladh le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach (15278/25).

Cuireann creat dlíthiúil an Aontais coimircí tábhachtacha ar fáil. Bunaítear leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga[2] oibleagáidí maidir le córais intleachta saorga ardriosca, lena n-áirítear iad sin a úsáidtear san earcaíocht, i mbainistiú oibrithe agus i meastóireacht feidhmíochta. Leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí[3] agus leis an *acquis* atá ann cheana maidir le dlí an tsaothair. lena n-áirítear reachtaíocht maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha, sláinte agus sábháilteacht ag an obair agus cothromaíocht oibre is saoil, treisítear leabhar rialacha an Aontais sa réimse sin a thuilleadh. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá fós le bearta reachtacha spriocdhírithe chun a áirithiú go gcosnófar oibrithe go héifeachtach, agus gur féidir le gach duine, lena n-áirítear gnólachtaí, tairbhe a bhaint as glacadh na hintleachta saorga agus as ardteicneolaíochtaí digiteacha eile. Tá forfheidhmiú éifeachtach ríthábhachtach i gcónaí chun seasamh le prionsabal an rialaithe dhaonna, chun idirdhealú algartamach a chosc agus chun muinín a choinneáil.

Is tosaíocht thábhachtach é poist dea-cháilíochta a chruthú a cuireadh i dtábhacht sa Treochlár um Poist Dea-cháilíochta[4] a thíolaic an Coimisiún Eorpach i mí na Nollag 2025. Nuair a fhágann creataí institiúideacha gur féidir gnóthachain a chomhroinnt go cothrom, is féidir pá níos fearr agus dálaí oibre feabhsaithe a bheith mar thoradh ar tháirgiúlacht níos airde. In éagmais na gcreataí sin, bíonn baol ann go ndéanfaidh an t-athrú teicneolaíoch neamhionannais a dhoimhniú agus deighilt mhargadh an tsaothair a threisiú. Dá bhrí sin, ní hé an dúshlán atá ann nuálaíochtaí teicneolaíochta a ghlacadh, lena n-áirítear an intleacht shaorga, ach conas a bhforbairt agus a n-úsáid a mhúnlú, ionas go neartóidh siad cáilíocht post, comhtháthú sóisialta agus iomaíochas na hEorpa.

---

2 Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga)

3 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)

4 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, COM (2025) 944, an 4 Nollaig 2025, an Treochlár um Poist Dea-cháilíochta

***Scileanna a sheasfaidh an aimsir, faisnéis maidir leis an margadh saothair agus aistrithe***

Ag Cruinniú Neamhfhoirmiúil de chuid na nAirí Fostaíochta agus Gnóthaí Sóisialta an 13 Feabhra faoi Uachtaránacht na Cipire, chuir na hairí in iúl go bhfuil struchtúir ghairme agus riachtanais scileanna á n-athmhúnlú ó bhonn ag an aistriú glas agus ag an aistriú digiteach. Ní mór uas-sciliú agus athsciliú leanúnach a bheith ann go buan i margaí saothair na hEorpa seachas a bheith ann mar fhreagairt eisceachtúil ar ghéarchéimeanna.

Is féidir leis an intleacht shaorga féin feidhmiú an mhargaidh saothair a fheabhsú. Le harduirlisí faisnéise maidir leis an margadh saothair, feabhsaítear réamhaisnéisiú na riachtanas scileanna, sainaithnítear scrogaill agus tacaítear le beartais oiliúna spriocdhírithe. Trí fheabhas a chur ar cháilíocht agus ar thráthúlacht na faisnéise, laghdaíonn uirlisí mar sin easaontais chuardaigh agus cuireann siad dlús le haistrithe ó earnálacha atá ag meath go hearnálacha atá ag fás.

Ach is annamh a dhéantar aistrithe go huathoibríoch. Léiríonn an fhianaise go bhféadfadh sé go mbeadh ar oibrithe a easáitíodh mar gheall ar athrú teicneolaíoch aghaidh a thabhairt ar dhífhostaíocht fhadálach nó ar chaillteanais phá mharthanacha gan tacaíocht leordhóthanach. Dá bhrí sin, tá beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, seirbhísí fostaíochta poiblí éifeachtacha, agus bearta spriocdhírithe cosanta sóisialta fíor-riachtanach chun straitéisí nuálaíochta a chomhlánú.

Tá ról lárnach ag an idirphlé sóisialta agus ag an gcómhargáil freisin maidir leis an gclaochlú teicneolaíoch a bhainistiú. Dá mbarr, is féidir réitigh chaibidlithe a bheith ann ar leibhéal na hearnála agus ar leibhéal na cuideachta, tacaíonn siad le húsáid fhreagrach an bhainistithe algartamaigh agus cuireann siad le dáileadh cothrom gnóthachan táirgiúlachta. Laghdaíonn institiúidí láidre éiginnteacht agus méadaíonn siad glacadh athruithe. Leagtar béim air sin freisin sa Tuairim a d’iarr Uachtaránacht na Cipire ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a tharraingt suas ar ‘*Cáilíocht na fostaíochta agus dálaí oibre a fheabhsú trí uirlisí gaolmhara (lena n-áirítear an intleacht shaorga) a thabhairt isteach agus a chur chun cinn agus tríd an idirphlé sóisialta agus an chómhargáil a neartú*’[i] (aistriúchán neamhoifigiúil).

*Tionscnaimh atá ar na bacáin agus comhleanúnachas beartais*

Is féidir leis an nGníomh um Poist Dea-cháilíochta agus leis an bPacáiste um Shoghluaisteacht Chothrom an Lucht Saothair atá ar na bacáin cuidiú le deighilt mhargadh an tsaothair a laghdú, forfheidhmiú a neartú agus tacú le cóineasú aníos ar fud na mBallstát.

Beidh comhleanúnachas na mbeartas cinntitheach. Ní mór straitéisí tionsclaíocha agus nuálaíochta a ailíniú le hathchóirithe fostaíochta agus le beartais scileanna. Ba cheart go mbeadh tionscnaimh ag gabháil le bearta lena spreagtar infheistíocht san intleacht shaorga a thacaíonn le soghluaisteacht oibrithe, a chuireann foghlaim ar feadh an tsaoil chun cinn agus a chosnaíonn cearta bunúsacha. Léiríonn an cur chuige comhtháite sin fianaise eacnamaíoch agus croíphrionsabail an mhúnla shóisialta Eorpaigh araon.

*Ról fhoirmíocht EPSCO laistigh den Seimeastar Eorpach*

Tá ról lárnach ag airí EPSCO maidir lena áirithiú go ndéanfar cúrsaí fostaíochta agus sóisialta a chomhtháthú go hiomlán sa Seimeastar. Trí threoraíocht bheartais, piarmheasúnú agus moltaí tírshonracha, is féidir le EPSCO athchóirithe a mhúnlú lena bhfeabhsaítear dinimiceas mhargadh an tsaothair agus cothroime agus comhtháthú á gcaomhnú san am céanna.

I dtimthriall Sheimeastar 2026, beidh an deis ag EPSCO rannchuidiú leis an díospóireacht agus í a stiúradh i dtreo cur chuige cothrom ina mbeidh an nuálaíocht, úsáid na hintleachta saorga agus an t-iomaíochas ailínithe le fostaíocht ardcháilíochta, idirphlé sóisialta láidir agus institiúidí láidre. Á dhéanamh sin, is féidir le claochlú teicneolaíoch na hEorpa feidhmíocht eacnamaíoch, comhtháthú sóisialta agus muinín shóisialta a neartú.

***Ceisteanna le plé***

1. Conas is féidir leis an Seimeastar tacú ar bhealach níos fearr le hathchóirithe lena laghdaítear easaontais sa mhargadh saothair agus lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht na meaitseála i gcomhthéacs claochluithe atá faoi thionchar na hintleachta saorga?

2. Cé na bearta breise is gá ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go neartófar cearta oibrithe agus go gcothófar cóineasú sóisialta aníos le húsáid na hintleachta saorga san ionad oibre?

---

[i] Sa tústuairim, atá le glacadh ag seisiún iomlánach Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 18 agus 19 Márta 2026, leagtar béim ar ról lárnach an idirphlé shóisialta agus na cómhargála ar gach leibhéal, chomh maith le comhar struchtúrtha idir an Oifig Eorpach um Intleacht Shaorga, an Coimisiún Eorpach agus na comhpháirtithe sóisialta, chun a áirithiú go rannchuideoidh úsáid na hintleachta saorga le haistriú digiteach atá cothrom, cuimsitheach agus iomaíoch, agus gnéithe na hinscne, na nglúnta agus na leochaileachta chomh maith le riachtanais FBManna á gcur san áireamh go córasach.